




IONSTRAIMÍ REACTÚLA.

I.R. Uimh. 222 de 2013



NA RIALACHÁIN UM CHÓRAIS CÓIREÁLA
DRAMHUISCE TÍ (CÚNAMH AIRGEADAIS), 2013

[An tiontú oifigiúil]

NA RIALACHÁIN UM CHÓRAIS CÓIREÁLA
DRAMHUISCE TÍ (CÚNAMH AIRGEADAIS), 2013

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAlt 17 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007) déanaimse, PILIB Ó hÓGÁIN, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo, na Rialacháin seo a leanas:

Lua

1. Féadfar na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Cúnamh Airgeadais), 2013 a ghairm de na Rialacháin seo.

Léiriú

2. Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007) arna leasú leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012).

ciallaíonn “costas ceadaithe” i ndáil le hoibreacha leighis, deisithe nó uasghrádaithe ar chóras cóireála dramhuisce tí, nó le hathsholáthar córais den sórt sin, an costas a mheasfaidh an t-údarás seirbhísí uisce gurb é an costas réasúnach é chun na hoibreacha nó an t-athsholáthar a dhéanamh nó an costas iarbhír chun na hoibreacha nó an t-athsholáthar a dhéanamh, cibé acu is lú.

ciallaíonn “ioncam teaghlaigh” ioncam inchánach bliantúil cónasctha sa bhliain chánach roimhe sin úinéara nó úinéirí aon mhaoine is ábhar d’iarratas de bhun na rialachán seo, mar aon le hioncam inchánach bliantúil cónasctha sa bhliain chánach roimhe sin a chéile nó a céile nó a pháirtnéara nó a páirtnéara, de réir mar is cuí.

ciallaíonn “céile nó páirtnéir”—

(a) gach duine de lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, nó

(b) páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir mar a mhínítear iad san Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24 de 2010)

ciallaíonn “An tAire” an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Cúnamh airgeadais i leith córais cóireála dramhuisce tí a leigheas, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar

3. (1) Féadfaidh údarás seirbhísí uisce deontas a íoc le duine chun oibreacha leighis, deisithe nó uasghrádaithe a dhéanamh ar chóras cóireála dramhuisce tí, nó chun é a athsholáthar, i gcás

Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 28 Meitheamh, 2013 á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.

go n-eascróidh leigheas, deisiú, uasghrádú nó athsholáthar den sórt sin go díreach as iniúchadh arna dhéanamh agus fógra comhairleach arna eisiúint dá éis sin ag údarás seirbhísí uisce faoi Alt 70H den Acht.

(2) Maidir le deontas faoin rialachán seo, i gcás go mbeidh an t-ioncam teaghlaigh laistigh de na bandaí a shonraítear i gColún 1 den Tábla, ní mó é ná an céatadán den chostas leighis, deisithe, uasghrádaithe nó athsholáthair a cheadaítear i gColún 2 den Tábla, suas go dtí ranníoc uasta mar a shonraítear i gColún 3 é.

Tábla

Colún 1 An tIoncam Teaghlaigh	Colún 2 An Céatadán de chostas ceadaithe na n-oibreacha atá ar fáil	Colún 3 An Deontas Uasta
Suas go dtí €50,000	80%	€1,000
€50,001 go €75,000	50%	€2,500

(3) Ní íocfar deontas faoin rialachán seo más rud é—

(a) nach ndearna úinéir an chórais cóireála dramhuisce tí, faoin dáta forordaithe arb é an 1 Feabhra 2013, iarratas chuig an údarás seirbhísí uisce chun an córas cóireála a thairfeadh sa chlár de chórais cóireála dramhuisce tí a chothabhálann an t-údarás seirbhísí uisce de réir Alt 70B(2) den Acht, nó

(b) nach ndearna úinéir córais cóireála dramhuisce tí arna fhoirgníú nó arna shuiteáil i ndiaidh an 1 Feabhra 2013 iarratas chuig an údarás seirbhísí uisce chun an córas cóireála a thairfeadh sa chlár de chórais den sórt sin a chothabhálann an t-údarás seirbhísí uisce de réir Rialachán 3 de na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú) (Leasú), 2013 (Uimh. 180 de 2013).

(4) Más rud é go n-íocfar deontas faoi na rialacháin seo, tabharfaidh an tAire don údarás seirbhísí uisce ranníoc de 100% den deontas a íocadh.

Oibreacha Neamhcháilitheacha

4. Ní íocfar deontas faoi na rialacháin seo faoi chomhair na gcostas a bhaineann le córas cóireála dramhuisce tí a chothabháil, a sheirbhísiú nó a dhíshlodú.

Coinníollacha Breise

5. Ní íocfar deontas faoi Rialachán 3 de na rialacháin seo—

(a) mura bhfuil fógra eisithe ag an údarás seirbhísí uisce faoi Alt 70H(17) den Acht.

(b) mura bhfuil fianaise ar ioncam teaghlaigh ag gabháil le hiarratas ar íocaíocht, arb é a bheidh san fhianaise sin:

- i gcás úinéir is fostaí atá faoi réir an chórais um Íoc Mar A Thuillir (ÍMAT), Ráiteas Cothromaíochta arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim;
- i gcás úinéir atá féinfhostaithe, Fógra um Measúnacht Cánach Ioncaim arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim;
- i gcásanna go bhfuil úinéireacht chorparáideach i gceist, Fógra um Measúnacht Cánach Corparáide arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim;
- i gcás faighteoirí leasa shóisialaigh nach bhfuil aon ioncam eile acu agus nach bhfuil laistigh de na córais um ÍMAT ná um Measúnacht Cánach Ioncaim, ráiteas ar ioncam an úinéara ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

(c) mura bhfuil admháil bhunaidh as an méid iomlán a íocadh ag gabháil le hiarratas ar íocaíocht lena n-áireofar liosta liostaithe de na hoibreacha a rinneadh agus de na costais a ghabhann le gach ítim;

(d) mura bhfuil, maidir leis an gconraitheoir a mbeidh na hoibreacha á ndéanamh aige nó aici nó, más ann do níos mó ná aon chonraitheoir amháin den sórt sin, maidir le gach conraitheoir, cóip de dheimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint chuig an gconraitheoir ag na Coimisinéirí Ioncaim tugtha don údarás seirbhísí uisce.

L.S.

Arna thabhairt faoi mo Shéala Oifigiúil,
25 Bealtaine 2013.

PILIB Ó hÓGÁIN

Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is é is cuspóir do dhéanamh na rialachán seo socrú a dhéanamh do scéim um chúnadh airgeadais d'úinéirí córas cóireála dramhuisce tí ar gá, ag eascairt as iniúchadh agus fógra comhairleach arna eisiúint dá éis sin faoi Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007, arna chur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, iad a leigheas nó a uasghrádú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

Wt. (B29893). 285. 6/13. Clondalkin. Gr 30-15.